



Foirm Iarratais - Innealtóir Struchtúr Sibhialta (Grád III) - FOIREANN TIONSCADAIL

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fíis na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun seachadadh réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sheachadadh do chách frámaithe faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir éileamh agus soláthar maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú AHB
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Na Scéimeanna um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh lasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta

- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

Tá iarratais á lorg ag an Ghníomhaireacht Tithíochta le haghaidh Innealtóir Struchtúr Sibhialta (Grád III). Is ról lán-aimseartha é seo ar an bhfoireann Tionscadal, Soláthairtí, agus Clár.

Is aonad ildisciplíneach í an Foireann Tionscadal a oibríonn sa rannóg Tionscadal, Soláthairtí, agus Clár de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta. Cuireann an Aonad comhairle agus seirbhísí theicniúla ar fáil d'údaráis áitiúla, comhlachtaí faofa tithíochta agus don Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta i dtaobh soláthair tithíochta.

Oibreoidh an Innealtóir Grád III faoi stiúir an fhoireann teicniúil sinsearach, chun cuidiú leis na seirbhísí sa roinn a sheachadadh.

Príomhdhualgais

Beidh an iarratasóir rathúil ag obair mar chuid d'fhoireann theicniúil. Ar a bpríomhdhualgais, beidh:

- Eolas theicniúil a chuir i bhfeidhm ar an obair a leagtar ort
- Páirt a ghlacadh mar bhall de fhoirne theicniúla agus ildisciplíneacha
- Teagmháil a dhéanamh le gairmithe tógála eile, ranna eile sa Ghníomhaireacht Tithíochta, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit eile, an DHLGH, agus eagraíochtaí eile
- Cuidiú a thabhairt do bhaill foirne sinsearacha in ullmhú an deasc ag an suíomh, agus staidéir indéanta eile.
- Cuidiú a thabhairt do bhaill foirne sinsearacha ag ullmhú máistirphleananna agus pleananna ceantar áitiúla
- Cuidiú a thabhairt do bhaill foirne sinsearacha le soláthar suirbhéireachtaí suímh agus iniúchtaí speisialtóra eile, mar shampla Iniúchtaí Suímh Geoitheicniúla
- Cuidiú a thabhairt do bhaill foirne sinsearacha ag ullmhú Iarratais Pleanála/Cuid 8, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh le h-údaráis áitiúla
- Cuidiú a thabhairt do bhaill foirne sinsearacha agus iad ag ullmhú pleananna críochnaithe do thionscadail innealtóireachta sibhialta agus struchtúir, lena n-áirítear ríomh, tuarascálacha, líníochtaí, sceidil, agus sonraíochtaí do thionscadail nua tithíochta agus feabhsúcháin agus oibreacha suímh a bhfuil bainteach
- Cuidiú a thabhairt do bhaill foirne sinsearacha le soláthar Comhairleoirí agus Conraitheoirí Oibre
- Dualgais Monatóireachta Suímh agus Smachta Cáilíochta
- Ag cabhrú le cur i gcrích dhualgais na Gníomhaireachta Tithíochta de réir na Rialachán Sábháilteachta, Sláinte, agus Folláine i mBun Oibre (Tógáil), lena n-áirítear Measúnú Riosca Deartha

- Cuidiú a thabhairt do bhaill foirne sinsearacha agus iad ag soláthar cúnaimh agus tacaíochta d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Faofa Tithíochta agus iad ag forbairt treoracha tionscadail
- Cúnamh le suirbhéireachtaí tógála, lena n-áirítear ullmhúchán tuarascálacha baile le comhairle agus moltaí
- Cúnamh a thabhairt don bhFoireann Píríte mar is gá, lena n-áirítear próiseáil iarratas faoin Scéim Leasúcháin Píríte Seans go mbeidh measúnú agus fíorú iarratas, athbhreithniú ar thorthaí tástálacha, ullmhúchán tuarascálacha fíoraithe agus molta, agus cúnamh le earcú comhairleoirí san áireamh le seo.
- Cúnamh a thabhairt don bhfoireann Scéim Deontas do Bhloic Lochtacha Coincréite mar is gá. Seans go mbeidh measúnú agus fíorú iarratas, athbhreithniú ar thorthaí tástálacha, ullmhúchán tuarascálacha fíoraithe agus molta, agus cúnamh le earcú comhairleoirí san áireamh le seo.
- Tabhairt faoi dhualgais eile de réir mar a leagann an Phríomhoifigeach agus an Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ort iad.

Ag an iarratasóir, beidh:

- Gealltanas i dtreo Traenáil Teicniúil agus clár Forbairt Ghairmiúil Leanúnach chun eolas speisialtóra a fhorbairt agus inniúlachtaí innealtóireachta eile.
- Cur amach a bheith acu ar bhogearraí cosúil le MS Office nó a leithéid
- Eolas maith a bheith acu ar AutoCAD nó REVIT
- Taithí ar obair a dhéanamh le foireann ildisciplíneach
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide a bheith acu
- Ardscileanna eagraíochta
- Ceadúnas tiomána iomlán reatha a bheith acu

Ba chóir don iarratasóir freisin

- Eolas maith a bheith acu, nó léiriú go bhfuil acu an cumas a leithéid a fhorbairt, ar Rialacháin Foirgneamh agus Rialacháin Smachta Foirgneamh.
- Eolas maith a bheith acu, nó léiriú go bhfuil acu an cumas a leithéid a fhorbairt, ar na Treoracha cuí Timpeallachta, Uisce agus Aeráide
- Eolas maith a bheith acu, nó léiriú go bhfuil acu an cumas a leithéid a fhorbairt, ar reachtaíocht agus ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta
- Eolas maith a bheith acu, nó léiriú go bhfuil acu an cumas a leithéid a fhorbairt, ar an gcreat dlíthiúil, rialachais, agus rialachais sa Ghníomhaireacht agus cloí le Gnáth-Nósanna Imeachta Oibrithe

Riachtanais Oideachais agus Taithí

Ar an dáta deireadh le hiarratais líonta a chuir isteach, teastaíonn na rudaí seo a leanas ó iarratasóirí:

- Caithfidh cáilíocht leibhéal 8 ar a laghad sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí san Innealtóireacht Sibhialta nó Struchtúir a bheith ag an iarratasóir, creidiúnaithe ag Innealtóirí na hÉireann.

Inniúlachtaí

- **Obair foirne** - forbraíonn caidrimh oibre dhearfacha le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara
- **Eolas Bainteach** - Eolas ar innealtóireacht struchtúrach agus sibhialta, bainistíocht tionscadail agus tógáil, in éineacht le scileanna IT, lena n-áirítear taithí le pacáistí reatha i mbogearraí dearadh.
- **Seachadadh Torthaí** - A bheith in ann obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta chun cinnte a dhéanamh go mbeidh seachadadh leanúnach agus iad ag obair ar roinnt tionscadail nó tascanna eile.
- **Teagmháil agus Scileanna Tuairisce** - A bheith in ann teagmháil a dhéanamh go héifeachtach le réimse páirtithe leasmhara, ag cur an stíl cumarsáide in oiriúint do na riachtanais a bhaineann le gach suíomh agus lucht féachana.

Scála Tuarastail - Scála Tuarastail (Innealtóir Grád II) Scála Státseirbhíse

€33,149 - €35,502 - €36,132 - €39,272 - €42,422 - €45,573 - €48,725 - €50,672 -
 €52,629 - €54,602 - €56,561 - €58,527 - €60,494 - €62,454 - €64,429
 LSI 1 - €66,615 LSI 2 - €68,795

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

Incháilitheacht chun dul in iomaíocht

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar oscailt do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith ina saoránaigh a leanas:

- a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
- d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- e) Duine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dó/di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

An dáta deiridh le haghaidh Iarratais a Fháil – Dé Céadaoin an 24ú Lúnasa 2022 ag 12 meán lae.

Nós Imeachta an Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú, ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ba cheart iarratais a chlósscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinsí ar bith tar éis an dáta dheiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.
- Ní mór gach faisnéis a chuireann tú ar fáil a bheith ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil. Níor cheart faisnéis bhreise amhail do CV, teistiméireachtaí, agus teastais a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais seo,

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh sé/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.